An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 12/25**

**CO EUR 10**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 Meitheamh 2025) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Comórann an Chomhairle Eorpach ócáid sínithe Chomhaontú Schengen 40 bliain ó shin agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá limistéar Schengen mar cheann de na príomhéachtaí atá bainte amach ag an Eoraip, é ina thaca faoin tsaoirse gluaiseachta, ag cur feabhas ar an tslándáil, agus ag cothú an tsaoil trasteorann agus an Mhargaidh Aonair.*

*Tá trí cinn de chlocha míle i stair an Aontais Eorpaigh á gceiliúradh ag an gComhairle Eorpach, mar atá: ócáid sínithe Chonarthaí Aontachais na Spáinne agus na Portaingéile 40 bliain ó shin, aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne 30 bliain ó shin, agus ócáid sínithe Chonarthaí Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine 20 bliain ó shin. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an méadú mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas.*

*

*   *

## I. <u>AN ÚCRÁIN</u>

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí san Úcráin. Thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 16/25.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. <u>AN MEÁNOIRTHEAR</u>

4. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sa Mheánoirthear agus gach ar tharla le déanaí ann, go háirithe an staid dhaonnúil thubaisteach in Gaza, agus a bhfuil ag tarlú le déanaí a mhéid a bhaineann leis an Iaráin.

5. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh sos cogaidh láithreach bonn ann in Gaza agus go scaoilfí saor gan choinníoll na gialla ar fad, le go mbeifear in ann deireadh buan a chur leis an gcogaíocht. Is saoth léi an drochstaid dhaonnúil in Gaza, líon do-ghlactha na dtaismeach sibhialtach agus go bhfuil daoine á gcur do ghorta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Iosrael deireadh iomlán a chur lena imshuí ar Gaza, rochtain láithreach gan bhac a cheadú don chabhair dhaonnúil agus dá dáileadh marthanach ar mórscála isteach go Gaza agus ar fud Gaza agus iarrann sí air é a chur ar chumas na Náisiún Aontaithe agus a ghníomhaireachtaí, agus na n-eagraíochtaí daonnúla, oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta chun beatha daoine a shábháil agus an fhulaingt a laghdú. Ní mór d'Iosrael a oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, a chomhlíonadh go hiomlán. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a riachtanaí atá sé a áirithiú go dtugtar cosaint do na sibhialtaigh ar fad i gcónaí, lena n-áirítear oibrithe daonnúla, agus don bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí leighis, scoileanna agus áitribh na Náisiún Aontaithe. Is saoth léi gur dhiúltaigh Hamas na gialla atá fós á gcoinneáil aige a scaoileadh saor. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an tuarascáil ar cé acu atá nó nach bhfuil Airteagal 2 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael á chomhlíonadh ag Iosrael agus iarrann sí ar an gComhairle leanúint den phlé maidir leis an obair leantach, de réir mar is iomchuí, i mí Iúil 2025, agus a bhfuil ag titim amach ar an láthair á chur san áireamh.

6. Ag meabhrú di a conclúidí ón 17 Deireadh Fómhair 2024, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar an ngéarú breise atá tagtha ar an staid ar an mBruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh, i ngeall ar mhéadú fhoréigean na lonnaitheoirí, leathnú na lonnaíochtaí neamhdhleathacha agus oibríocht mhíleata Iosrael. Iarrann sí an athuair ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair ar bhearta sriantacha breise i gcoinne na lonnaitheoirí antoisceacha agus i gcoinne na n-eintiteas agus na n-eagraíochtaí a thacaíonn leo. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre ar bhearta sriantacha i gcoinne Hamas.

7. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí síocháin mharthanach inbhuanaithe a bhaint amach, bunaithe ar réiteach an dá stát. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le gach iarracht a dhéanamh chun an réiteach sin a bhaint amach agus iarrann sé ar na páirtithe go léir staonadh ó ghníomhaíochtaí a chuirfeadh an réiteach sin i mbaol. Leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun na críche sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú le hÚdarás na Palaistíne agus lena chlár oibre athchóiriúcháin. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gComhdháil Idirnáisiúnta Ardleibhéil um Shocrú Síochánta Cheist na Palaistíne agus Cur Chun Feidhme an Réitigh Dhá Stát, atá ar na bacáin.

***An Iaráin***

8. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta don tsíocháin, don tslándáil agus don chobhsaíocht sa Mheánoirthear. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an sos comhraic agus tathantaíonn sí ar na páirtithe ar fad cloí leis an dlí idirnáisiúnta, guaim a choinneáil orthu féin, agus staonadh ó aon ghníomh a bhféadfadh géarú nua teacht as. Ba é tuairim shoiléir an Aontais Eorpaigh riamh anall nach bhféadfaí a cheadú go deo don Iaráin arm núicléach a bheith aici agus nach mór di a cuid oibleagáidí ceangailteacha i ndáil leis an gcoimirce núicléach a chomhlíonadh faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Núicléach. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí taidhleoireachta uile chun an teannas a laghdú agus chun teacht ar réiteach marthanach ar cheist chumhacht núicléach na hIaráine, réiteach nach féidir a bhaint amach ach amháin trí chaibidlíocht.

***An tSiria***

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur cuireadh deireadh leis na smachtbhannaí eacnamaíocha i gcoinne na Siria le déanaí, mar chuid de chur chuige forásach, inchúlaithe an Aontais Eorpaigh. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé go mbeadh aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, saor ó chur isteach eachtrach díobhálach, a thábhachtaí atá sé go gcosnófaí gan idirdhealú cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach agus a thábhachtaí atá an ceartas idirthréimhseach agus an t-athmhuintearas. Cáineann an Chomhairle Eorpach an t-ionsaí sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí ar Eaglais Mar Elias sa Damaisc agus iarrann sí go dtabharfaí chun cuntais iad siúd atá freagrach. Ba cheart neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria laistigh de theorainneacha slána a lánurramú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

***An Liobáin***

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas Eorpach le muintir na Liobáine agus is díol sásaimh di iarrachtaí na n-údarás nua an staid eacnamaíoch agus slándála a chobhsú. Tacaíonn sí le ceannasacht agus iomláine chríochach Stát na Liobáine agus meabhraítear di ról bunúsach cobhsaitheach Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i ndeisceart na Liobáine. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar gach páirtí téarmaí chomhaontú sosa cogaidh an 27 Samhain 2024 a chur chun feidhme agus Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

## III. <u>COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA HEORPA</u>

11. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 6 Márta 2025, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach mór don Eoraip a bheith níos ceannasaí, níos freagraí as a cosaint féin agus a bheith níos fearr ó thaobh gníomhú de, agus déileáil go neamhspleách comhordaithe, le dúshláin agus bagairtí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, trí bhíthin an chur chuige 360°. Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, gona iarmhairtí, i dtimpeallacht síor-athraitheach an ama i láthair, ar shlándáil na hEorpa agus ar shlándáil an domhain. Chun a cuspóir a bhaint amach, is é sin, dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa sna 5 bliana amach romhainn, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo.

12. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta.

13. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go leanfaí den chaiteachas ar shlándáil agus ar chosaint na hEorpa a mhéadú ar bhealach suntasach, agus go ndéanfaí infheistíocht níos fearr i bpáirt le chéile, agus tugann sí dá haire freisin an gealltanas a thug na Ballstáit ar comhaltaí de ECAT iad freisin ag Cruinniú Mullaigh ECAT i mí an Mheithimh 2025. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit cur chun feidhme na ngealltanas ábhartha a chomhordú eatarthu féin. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 20 Márta 2025 maidir leis an obair leanúnach ar na roghanna maoiniúcháin ábhartha, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair atá déanta.

14. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an Rialachán lena mbunaítear Gníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) agus is díol sásaimh di go mbeidh na clásail éalaithe náisiúnta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis á ngníomhachtú go luath. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí scrúdú pras a dhéanamh ar an togra maidir le hinfheistíochtaí cosaint-ghaolmhara a dhreasú i mbuiséad an Aontais, d'fhonn teacht ar chomhaontú gan mhoill, agus an obair ar an togra chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála agus cosanta a chur chun cinn i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarmach ar an mbeartas comhtháthaithe, agus bonn deonach úsáid sin na gcistí á mheabhrú ag an am céanna. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé cistiú príobháideach a shlógadh don tionscal cosanta, is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta i ndáil leis an méid sin, agus iarrann sí air leanúint dá iarrachtaí lena chleachtais a oiriúnú le haghaidh iasachtaí a thabhairt don tionscal cosanta, go háirithe trí leanúint d'athmheastóireacht a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí eisiata agus trí mhéid an chistithe atá ar fáil i réimse na slándála agus na cosanta a mhéadú, agus a chuid gníomhaíochtaí agus a chumas maoiniúcháin á gcosaint ag an am céanna.

15. I bhfianaise a phráinní atá sé bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú ar fud an Aontais ionas gur fearr a bheidh sé in ann trealamh a tháirgeadh agus a sholáthar sna cainníochtaí agus ar an luas brostaithe is gá, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá comhiomlánú an éilimh, comhchuibhiú na gceanglas, an caighdeánú agus an soláthar comhpháirteach, chomh maith le feidhmiú cuí mhargadh cosanta na hEorpa agus go ndéanfaí é a chomhtháthú a thuilleadh ar fud an Aontais.

16. Ní mór dlús a chur leis an obair ar chumais sna réimsí tosaíochta arna sainaithint ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir iomlán le ECAT. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tionscadail chomhoibríocha a fhorbairt agus a chur chun feidhme go pras i ndáil leis sin, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as SAFE. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá á déanamh chun deiseanna nithiúla a shainaithint agus chun an t-éileamh a chomhiomlánú faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go leanfadh na Ballstáit ar aghaidh leis an obair go mear, lena n-áirítear chun na tionscadail ghearrthéarmacha is forbartha a chur i gcrích agus chun tionscnaimh níos fadtéarmaí a sheoladh, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na cumasóirí straitéiseacha agus ar an nuáil i réimse na cosanta, chun leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí nua.

17. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre chun go mbeidh tionscal cosanta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, in ann an táirgeadh a uas-scálú. Go háirithe, i bhfianaise an chomhaontaithe pholaitiúil ar thángthas air sa Chomhairle maidir leis an togra le haghaidh Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP), tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí an chaibidlíocht ina leith sin a thabhairt chun críche go pras. Misníonn sí iad freisin dul chun cinn gasta a dhéanamh ar thograí an 'Omnibus um Ullmhacht Cosanta'.

18. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a mhéid a rannchuidíonn cosaint teorainneacha uile talún, aeir agus muirí an Aontais le slándáil na hEorpa ina hiomláine, go háirithe a mhéid a bhaineann le teorainn thoir an Aontais, i bhfianaise na mbagairtí ón Rúis agus ón mBealarúis.

19. Ina theannta sin, i bhfianaise na mbagairtí ar theorainneacha eile an Aontais, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé iad a chosaint.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tograí breise a chur ar aghaidh chun an tsoghluaisteacht mhíleata a neartú, ionas go bhféadfar trealamh cosanta agus pearsanra cosanta a bhogadh go héifeachtúil ar fud an Aontais.

21. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreoimis as lámh a chéile leis na comhpháirtithe atá ar aon intinn linn. Is díol sásaimh di, i ndáil leis sin, na Comhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta a rinne an tAontas le déanaí leis an Ríocht Aontaithe agus le Ceanada.

22. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus pléifidh sí na chéad chéimeanna eile de chur chun feidhme na hullmhachta cosanta. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí treochlár a thíolacadh chuige sin.

23. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

## IV. <u>AN TAONTAS SA DOMHAN MÓR</u>

24. Phléigh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin do na cruinnithe mullaigh atá ar na bacáin le tríú tíortha agus an caidreamh le comhpháirtithe, i bhfianaise an chomhthéacs pholaitiúil agus eacnamaíoch dhomhanda atá ann faoi láthair.

## V. <u>AN TIOMAÍOCHAS</u>

25. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir le forbairtí eacnamaíocha. Leagann sí béim ar a ríthábhachtaí atá sé borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus an Margadh Aonair a chomhtháthú a thuilleadh chun rathúnas agus samhail shóisialta na hEorpa a chothú, agus go rannchuideoidh an méid sin le tionchar agus seasamh domhanda an Aontais a neartú mar chomhpháirtí intuartha, iontaofa, inchreidte, lena n-áirítear trí ról idirnáisiúnta an euro a fheabhsú.

26. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 20 Márta 2025, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iomaíochas an Aontais a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an nuáil agus trí cheannaireacht teicneolaíochta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sna teicneolaíochtaí ceannródaíocha, chun bearna tháirgiúlachta an Aontais a dhúnadh, agus tríd an Margadh Aonair a dhoimhniú agus trí bhonn tionsclaíoch an Aontais a fheabhsú, lena n-áiritheofar an cothrom iomaíochta.

27. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta cuspóirí an Mhargaidh Aonair a bhaint amach agus iarrann sí an athuair deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann, go háirithe i réimsí na seirbhísí agus na n-earraí, lena n-áirítear earraí riachtanacha, an ilroinnt a shárú, bacainní nua a chosc agus feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú rialacha an Mhargaidh Aonair. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an 'Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir' ón gCoimisiún agus a 'Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú', agus iarrann sí go gcuirfí tús pras leis an obair lena gcur chun feidhme.

28. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na tionscail thraidisiúnta, go háirithe tionscal na mótarfheithiclí, na loingseoireachta, na heitlíochta agus na tionscail dianfhuinnimh, ar nós thionscail na cruach, na miotal agus na gceimiceán. Leagann sí béim freisin ar a ríthábhachtaí a bheidh na FBManna i gcónaí mar dhlúthchuid de chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí dul chun cinn cinntitheach maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta.

29. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an mBanc Ceannais Eorpach, de réir mar is iomchuí don Ghrúpa Euro, an obair maidir le ról idirnáisiúnta an euro a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear mar airgeadra cúltaca agus airgeadra idirbheartaíochta.

30. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a ríthábhachtaí atá sé clár oibre uaillmhianach cothrománach a bheith ann um shimpliú agus um rialáil níos fearr, chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige 'simplíocht trí dhearadh' againn. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear di gur gá leanúint de na hiarrachtaí ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – chun creat rialála atá soiléir, simplí, cliste agus fabhrach don nuáil agus do FBManna a áirithiú, gan an bonn a bhaint ach oiread d'intuarthacht, de spriocanna beartais ná d'ardchaighdeáin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus tathantaíonn sí ar na comhreachtóirí an siúl a choinneáil faoin móiminteam d'fhonn teacht ar chomhaontú go pras maidir leis na pacáistí simpliúcháin a thíolaic an Coimisiún. Is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuilleadh tionscnamh a chur ar bun. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí an ró-rialáil a sheachaint agus gan ualaí riaracháin a thabhairt isteach, le linn na bpróiseas reachtach agus cur chun feidhme.

31. I bhfianaise na héagobhsaíochta domhanda agus an bhrú dhomhanda ar na margaí fuinnimh, agus an tionchar a imríonn siad ar iomaíochas na hEorpa, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé fíor-Aontas Fuinnimh a fhorbairt roimh 2030 ina mbeidh margadh fuinnimh an Aontais lán-chomhtháite, lán-idirnasctha, lena n-áiritheofar slándáil agus athléimneacht fuinnimh chomh maith le slándáil an tsoláthair d'fhuinnimh glan inacmhainne le haghaidh na mBallstát ar fad, lena n-áirítear trí chórais fuinnimh atá stóinseach, iontaofa, slán agus tríd an táirgeadh fuinnimh a mhéadú.

32. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé na spleáchais fuinnimh a laghdú, ar mhaithe le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach na hEorpa, agus is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh ó 2022 i leith. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá slándáil an tsoláthair, an inacmhainneacht agus an deimhneacht dhlíthiúil agus ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát, de mheon na dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear d'fhonn bealaí malartacha idirthurais fuinnimh atá inmharthana go heacnamaíoch a áirithiú, agus sainiúlachtaí na dtíortha talamhiata go háirithe á gcur san áireamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, agus is díol sásaimh di an próiseas a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSlóvaic, agus iarrann sí ar Bhallstáit eile tacú leis na cuspóirí arna gcomhaontú, de réir mar is ábhartha.

33. I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, phléigh an Chomhairle Eorpach na moltaí tírshonracha comhtháite ar bhonn nóta cothrománach.

34. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chomhlíon an Bhulgáir na critéir uile um chóineasú mar a leagtar amach sa Chonradh iad. Formhuiníonn sí an togra ón gCoimisiún go nglacfadh an Bhulgáir an euro an 1 Eanáir 2026 agus iarrann sí ar an gComhairle na tograí ábhartha ón gCoimisiún a ghlacadh go pras.

35. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an iomaíochas agus ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach i mí Dheireadh Fómhair 2025 chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun treoraíocht bhreise a thabhairt.

## VI. <u>AN IMIRCE</u>

36. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, mheas an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh lena gcur chun feidhme, lena n-áirítear i bhfianaise na litreach a sheol Uachtarán an Choimisiúin le déanaí, agus molann sí dlús a chur leis an obair go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: an ghné sheachtrach, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha; cur chun feidhme na reachtaíochta atá glactha ag an Aontas agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana; cosc agus comhrac na himirce neamhrialta, lena n-áirítear trí bhealaí nua i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta; na hiarrachtaí chun fillteacha a éascú, a mhéadú agus a luasghéarú, agus beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais á n-úsáid; coincheap na dtríú tíortha sábháilte agus na dtíortha tionscnaimh sábháilte; comhrac an ionstraimithe, na gáinneála ar dhaoine agus na smuigleála imirceach; beartas víosaí arna ailíniú ag tíortha comharsanachta; chomh maith le conairí sábháilte dlíthiúla i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a dhiongbháilte atá an tAontas an tslándáil a neartú ag a theorainneacha seachtracha agus rialú éifeachtach na dteorainneacha sin a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

37. Go háirithe, iarrann sí ar na comhreachtóirí leanúint de scrúdú a dhéanamh ar na tograí reachtacha a thíolaic an Coimisiún le déanaí. Tugann sí dá haire an plé leanúnach maidir le fillteacha, maidir le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais agus maidir leis an gcoincheap 'tríú tír shábháilte' a chur i bhfeidhm.

## VII. POBLACHT NA MOLDÓIVE

38. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gcéad Chruinniú Mullaigh idir an Mholdóiv agus an tAontas, a bheidh á thionól an 4 Iúil 2025, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas Eorpach go láidir le ceannasacht, iomláine chríochach, athléimneacht agus forbairt eacnamaíoch Phoblacht na Moldóive. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Poblacht na Moldóive chun athléimneacht agus cobhsaíocht na tíre sin a fheabhsú i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha leanúnacha na Rúise, lena n-áirítear ionsaithe hibrideacha darb aidhm an bonn a bhaint d'institiúidí daonlathacha na tíre.

39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an tacaíocht dhaingean atá á tabhairt ag an Aontas Eorpach do Phoblacht na Moldóive agus í ar a conair aontachais. Molann an Chomhairle Eorpach Poblacht na Moldóive as luas a cuid athchóirithe i ndáil leis an aontachas; is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach a rinneadh, agus misníonn sí Poblacht na Moldóive agus an Coimisiún dlús a chur le hobair an phróisis aontachais. Iarann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle na chéad chéimeanna eile a dhéanamh sa phróiseas aontachais i gcomhréir le prionsabal na dtuillteanas dílis, lena n-osclófar cnuasaigh de réir mar a bheidh na coinníollacha á gcomhlíonadh. Tugann sí dá haire an measúnú a rinne an Coimisiún go bhfuil cnuasach na mbunphrionsabal réidh le hoscailt.

## VIII. NA BALCÁIN THIAR

40. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid sna Balcáin Thiar agus meabhraítear di na conclúidí dá cuid roimhe seo. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Balcáin Thiar agus tacóidh sé lena gcuid iarrachtaí athchóiriúcháin agus iad ar a gconair i dtreo aontachas leis an Aontas. Leanann an Chomhairle Eorpach dá thiomantas an comhtháthú forásach idir an tAontas Eorpach agus an réigiún a chur chun cinn le linn phróiseas an mhéadaithe féin ar bhealach inchúlaithe fiúntas-bhunaithe. Is san Aontas Eorpach atá todhchaí na mBalcán Thiar.

## IX. AN TSLÁNDÁIL INMHEÁNACH

41. Is bagairt mhór ar shaoránaigh na hEorpa agus ar shlándáil na mBallstát iad an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach, ar líne agus as líne.

42. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an dochar a dhéantar don airgeadas poiblí agus don Mhargadh Aonair ina iomláine de bharr insíothlú coiriúil na struchtúr dleathach gnó.

43. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit leas a bhaint as na réimsí beartais ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus leas iomlán a bhaint as na hionstraimí uile atá ann cheana chun na feiniméin sin a chomhrac.

44. Tar éis don Choimisiún a theachtaireacht maidir le forbairt Straitéise Eorpaí Slándála Inmheánaí a chur i láthair agus i bhfianaise na treoraíochta a tugadh sa Chomhairle, iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit leanúint den ghníomhaíocht i gcás inar gá, go háirithe trí neartú fhorfheidhmiú an dlí agus an chomhair bhreithiúnaigh, lena n-áirítear maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus tríd an gcómhalartú faisnéise a áirithiú agus trí chomhar le tríú tíortha.

## X. AN ULLMHACHT

45. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí agus a phráinní atá an t-ábhar sin agus misníonn sí na Ballstáit feabhas a chur ar a n-athléimneacht, ar a n-ullmhacht agus ar a gcumas coiscthe agus freagartha géarchéimeanna, ar bhealach comhleanúnach, i gcur chuige uile-ghuaise agus uile-shochaí, agus timpeallacht athraitheach na rioscaí agus na mbagairtí á cur san áireamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair i ndáil le beartais an Aontais a bheith ag rannchuidiú le hathléimneacht agus ullmhacht sna réimsí ábhartha, lena n-áirítear athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú. Meabhraítear di go mbíonn a sainiúlachtaí féin ag cineálacha éagsúla géarchéimeanna agus gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht ó thaobh na géarchéimeanna sin a bhainistiú. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle treoraíocht a chur ar fáil don Choimisiún féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do na Ballstáit i réimse na cosanta sibhialta, agus i réimsí beartais ábhartha eile inar soiléir tacaíocht an Aontais a bheith ina breisluach. Iarrann sí ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tuairiscí maidir leis an dul chun cinn a thabhairt go rialta.

## XI. GNÍOMHAÍOCHTAÍ HIBRIDEACHA

46. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir gach cineál gníomhaíochta hibridí i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát agus i gcoinne a chomhpháirtithe chomh maith. Cáineann sí go háirithe an feachtas hibrideach leanúnach atá ar siúl ag an Rúis, lena n-áirítear an tsabaitéireacht, an cur isteach ar an mbonneagar criticiúil, cibirionsaithe, ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis, agus iarrachtaí an bonn a bhaint den daonlathas, lena n-áirítear sa phróiseas toghchánach. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh liostuithe breise sna bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, agus is díol sásaimh di gur leathnaíodh raon feidhme an chórais sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá n-athléimneacht a neartú agus de leas iomlán a bhaint as na hacmhainní uile atá ar fáil, lena n-áirítear bosca uirlisí hibrideach an Aontais, go sonrach chun bagairtí hibrideacha na Rúise a chosc, a dhíspreagadh agus chun freagairt orthu.

## XII. MÍREANNA EILE

***An Mhuir Dhubh***

47. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an tslándáil agus an chobhsaíocht sa Mhuir Dhubh, agus is díol sásaimh di gur thíolaic an Coimisiún agus an tArdionadaí an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith réigiún na Mara Duibhe. Iarrann an Chomhairle Eorpach, i gcomhréir lena conclúidí ábhartha, ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint den obair go pras.

***Ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe***

48. Agus í ag comóradh 80 bliain ó síníodh Cairt na Náisiún Aontaithe, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach lán-tiomanta tacú leis an iltaobhachas éifeachtach agus leis an ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, chomh maith lena tacaíocht do na hinstitiúidí a sheasann leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chosaint éifeachtach a thabhairt do na cúirteanna idirnáisiúnta agus a n-oifigigh.

***An Clár Oibre domhanda***

49. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, a tionóladh in Nice ón 9 go dtí an 13 Meitheamh 2025. Tar éis don Choimisiún Comhshocrú Eorpach maidir leis na hAigéin a chur i láthair, iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair.

50. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú na Forbraíochta, a bheidh ar siúl in Sevilla ón 30 Meitheamh go dtí an 3 Iúil 2025 agus ar céim thábhachtach í i dtreo creat maoiniúcháin domhanda athnuaite don fhorbairt inbhuanaithe a chur ar bun.

51. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach torthaí Chruinniú Mullaigh um Ghealltanais Ardleibhéil Gavi, a tionóladh an 25 Meitheamh 2025 agus athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais an tslándáil sláinte dhomhanda a chur chun cinn, chun feabhas a chur ar ár n-ullmhacht chomhchoiteann, ar ár gcumas freagartha agus ar ár n-athléimneacht i leith bagairtí sláinte a bheidh ann amach anseo. Leanfaidh an tAontas Eorpach leis an obair i dtreo córas sláinte domhanda a bheidh níos éifeachtaí, níos comhordaithe agus níos athléimní.

***An caidreamh seachtrach***

52. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid sa Libia, ar ábhar imní í, agus ar na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith aici freisin ó thaobh shlándáil na hEorpa de, agus ó thaobh sreabha imirce de chomh maith. Athdhearbhaíonn sí tacaíocht dhaingean an Aontais Eorpaigh don Libia agus do Mhisean Tacaíochta na Náisiún Aontaithe sa Libia chun an t-athmhuintearas náisiúnta, an aontacht institiúideach agus idirphlé trédhearcach cuimsitheach a chur chun cinn a bheidh faoi réir smacht agus chomhthoil mhuintir na Libia. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur sárú ar chearta ceannasacha tríú Stáit é an Meabhrán Tuisceana idir an Tuirc agus an Libia maidir le teorannú dlínsí muirí sa Mheánmhuir, agus nach gcomhlíonann an Meabhrán Tuisceana sin Dlí na Farraige agus nach bhféadfaidh aon iarmhairtí dlíthiúla eascairt as i dtaca le tríú Stáit.

53. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an tSaiheil. Is ábhar imní fós í an staid slándála sa réigiún sin, staid atá ag dul in olcas. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá cobhsaíocht na Saiheile agus an réigiúin máguaird, lena n-áirítear na stáit chomharsanachta chósta, do shlándáil agus rathúnas na ndaoine atá ina gcónaí sa tSaiheil agus do shlándáil agus rathúnas an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair leanúnach atá á déanamh, lena n-áirítear an obair atá á déanamh ag Ionadaí Speisialta an Aontais, maidir le cur chuige athnuaite ó thaobh rannchuidiú an Aontais leis an méid sin.